# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.74T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán na Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 16 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 GO 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDUITHE sa bhosca seo: 

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA LEABHAR FREAGRAÍ SEO

3. Ní MÓR DUIT NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don fheitheoir amháin***

*Stampa an ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

BA CHÓIR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA n-IARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 5 mharc ar gach ceist)**

**1.** Is íomhá amháin de Dhia sa traidisiún Críostaí é Dia mar aoire. Ainmnigh íomhá eile de Dhia ón traidisiún Críostaí ______________________________

**2.** Is soiscéal sionoptach é soiscéal Eoin. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Cén reiligiún domhanda a bhfuil baint ag an Dalai Lama leis? ______________________________

**4.** Is sampla d'aondiachas é An tIoslamachas. Aimnigh sampla eile ______________________________

**5.** Is é is moráltacht ann ná tuiscint duine ar cheart agus ar mhícheart. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**6.** Is sampla amháin de rannpháirtíocht in adhradh é dul ar oilithreacht.
Ainmnigh sampla eile ______________________________

**7.** Léigh na liostaí de cheannairí agus de reiligiúin dhomhanda atá tugtha thíos. Tá ceannaire amháin meaitseáilte duit leis an reiligiún is mó lena luaitear é. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| **Ceannairí** | **Reiligiúin** |
|---|---|
| Brahminí | An Búdachas |
| Íosa | An Chríostaíocht |
| An Rí Dáibhí | An Hiondúchas |
| Muhammad | An tIoslamachas |
| Siddhartha Gautama | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | Íosa | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**8.** Ba iad na daoine ag a raibh cumhacht pholaitiúil sa Phalaistín in aimsir Íosa ná
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Asaírigh ☐ Éigiptigh ☐ Gréagaigh ☐ Rómhánaigh ☐

**9.** I mór-reiligiúin an domhain is é is fáidh ann ná duine a ______________________________

**10.** Tugann ildiachas freagraí reiligiúnacha ar cheisteanna maidir le ciall na beatha.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**11.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn athmhuintearas ________________________________________

________________________________________________________________________

**12.** Léigh an liosta paidreacha agus reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Tá paidir amháin meaitseáilte leis an reiligiún a bhfuil baint aici leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| Paidreacha | Reiligiúin | Sampla: Ár nAthair An Chríostaíocht |
|---|---|---|
| Ár nAthair | An Búdachas | Freagra: |
| Shahadah | An Chríostaíocht | |
| Shema | An Giúdachas | |
| Paritta | An Hiondúchas | |
| Rig Veda | An tIoslamachas | |

**13.** I mór-reiligiúin dhomhanda ciallaíonn siosma ________________________________________

**14.** Is ionad adhartha é teampall san Ioslamachas. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** Is sampla amháin de mhairtíreacht as scéal bunaithe na Críostaíochta é __________________________

**16.** Breathnaíonn mór-reiligiúin dhomhanda ar mhaoirseacht mar chuid thábhachtach de dhea-bheatha a chaitheamh.
Is sampla amháin de mhaoirseacht é ________________________

**17.** Baintear úsáid as arán gan laibhín chun béile an Phasóvair a cheiliúradh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**18.** Ciallaíonn deisceabalacht ____________________________________

**19.** Is é an tuairim atá ag aindiachas ná go bhfuil Dia ann. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**20.** Is dlí stáit é Dlí Karma. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 10 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1.** **Is grianghraf é seo den Ardeaspag Diarmuid Martin ag cur Bono ón bpopghrúpa U2 in aithne don Phápa Eoin Pól 11.**



*Sunday Independent*

**A.** Roghnaigh rud amháin ón ngrianghraf a léiríonn gur ceannaire reiligiúnach é an tArdeaspag Diarmuid Martin i bpobal creidimh.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Is teidil iad "Ardeaspag" agus "Pápa" a thugtar do cheannairí reiligiúnacha. Luaigh teideal amháin eile a thugtar do cheannaire pobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Rianaigh go hachomair ról ceannaire reiligiúnaigh i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

________________________________________


________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 marc)

**Ceist 2.** **Is grianghraf é seo d'ord foriata reiligiúnach agus láithreán gréasáin á sheoladh acu.**



*The Irish Times*

**A.** Roghnaigh rud amháin ón ngrianfhraf a léiríonn go mbaineann tábhacht le cumarsáid don phobal creidimh seo

________________________________________

________________________________________

(3 mharc)

**B.** Tabhair **dhá** chúis go mbaineann tábhacht le cumarsáid do phobal creidimh.

i. ______________________________________

________________________________________

ii. ______________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**C.** Tabhair sampla **amháin** eile de conas is féidir le pobal creidimh cumarsáid a spreagadh.


________________________________________

________________________________________

________________________________________

(3 mharc)

**Ceist 3. Is grianghraf é seo d'éadaí a chaitear le linn searmanas reiligiúnach.**



*Irish Independent*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a chuireann in iúl go bhfuil na héadaí seo ceaptha le caitheamh le linn searmanas reiligiúnach.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh deasghnáth reiligiúnach amháin a tharlaíonn le linn searmanais reiligiúnaigh.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis go mbaineann daoine úsáid as deasghnátha reiligiúnacha lena gcreideamh a chur in iúl.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Is grianghraf den mbainistir i gCluain Mhic Nóis, Co. Uíbh Fhailí é seo.**



www.asahi-net.or.jp

**A.** Luaigh **rud amháin** ón ngrianghraf seo a léiríonn gur ionad é Cluain Mhic Nóis a mbaineann tábhacht reiligiúnach leis.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh áit amháin eile a mbaineann tábhacht reiligiúnach leis.

______________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis go mbaineann tábhacht reiligiúnach leis an áit atá ainmnithe agat do dhaoine.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN tALT SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA THÍOS.

**Cara ar Uair an Bháis.**

*Tá beirt fhear ag siúl ar thrá atá clúdaithe le crosóga mara a thug an taoide isteach. Tógann an fear ab óige ceann aníos lena caitheamh isteach san fharraige. "Cén fáth a mbacann tú?" a deir an fear is sine. "Ní dhéanfaidh sé difríocht ar bith." Breathnaíonn an fear óg síos ar an gcrosóg atá á coinneáil aige. "Déanfaidh sé difríocht don cheann seo," a deir sé.*

Spreag an scéilín seo Phil, bunaitheoir roinnt oispísí, chun cúram a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta óga a raibh galar an bháis orthu. Tá Phil tar éis an 20 bliain seo caite a chaitheamh ag obair le páistí atá míchumasaithe go dona nó atá ag fáil bháis. Gach lá tugann Phil sólás do dhaoine a chaithfidh an phian is measa ar domhan a fhulaingt. "Is é an tslí is fearr é chun mo ghairm a chomhlíonadh," a deir Phil.

Is cúis suaimhnis do chuid mhaith daoine iad meangadh croíúil agus bealach ciúin cainte Phil. Ach conas a mealladh Phil chun na gairme seo? "Ba chuid shuntasach de mo thógáil i nDún Éideann é reiligiún," a mhíníonn Phil. "Bhí baint mhór ag mo sheanathair lenár séipéal. D'oibrigh mé níos déanaí in Ospidéal Great Ormond Street for Children sular bhog mé go dtí barda le haghaidh daoine fásta in ospidéal in aice láimhe. Ba bhiocáire í duine de m'othair a raibh aire á tabhairt agam di agus thug sí cuireadh chuig seirbhís ina séipéal dom. Chuir mé aithne ansin ar dhaoine a sheas lena ngairm agus ar dearnadh baill de phobal reiligiúnach díobh."

"Roinnt blianta ina dhiaidh sin bhí mé ar oilithreacht agus go hobann thuig mé go cinnte go mba cheart dom dul isteach i bpobal reiligiúnach. Níor thaitin mo chinneadh le mo theaghlach agus cheap siad go mbeinn ag cur mo bheatha amú. Ach nuair a osclaíodh Helen House, an chéad áit riamh a thairg cúram speisialta do pháistí a bhí ag fáil bháis, thuig mo mháthair cad a bhí á dhéanamh agam."

"Ní hionann bheith ag obair in Helen House agus a bheith i do shaineolaí," a deir Phil. "Baineann sé le comrádaíocht agus le cineáltas. Tar éis 21 bliain is lú freagraí atá agam ar na ceisteanna móra ná bhí agam ag an tús. Ach is é an rud a mhúin an taithí a fuair mé ar obair le páistí dom ná, gan bacadh leis an gcreideamh nó an easpa creidimh atá agat, nuair a bhíonn cúram á thabhairt agat do dhaoine is ag siúl ar thalamh beannaithe a bhíonn tú. "

*Curtha in oiriúint ó The Sunday Times*

**1.** Bunaithe ar an alt seo a léamh duit, rianaigh dhá rud a chuaigh i bhfeidhm, b'fhéidir, ar chreideamh reiligiúnach Phil.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(10 marc)

**2.** Rianaigh dhá shlí inar athraigh a t(h)iomantas reiligiúnach beatha Phil.

i.

ii.

(14 mharc)

**3.** "Nuair a bhíonn cúram á thabhairt agat do dhaoine bíonn tú ag siúl ar thalamh beannaithe." Mínigh i d'fhocail féin cad a chiallaíonn Phil leis sin, dar leat.

(16 mharc)

**4.**
- Creideamh aibí
- Fís inspioráideach

Conas a léiríonn an t-alt seo cad is ciall le ceann **amháin** de na téarmaí thuas?

(10 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 50 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** "Éilíonn an tArdeaspag Eames 'iarracht dhaingean' chun deireadh a chur le seicteachas" – Irish Times, Nollaig 2004

a. Cad is seicteachas ann?

________________________________________

(5 mharc)

b. Rianaigh sampla **amháin** de sheichteachas.

________________________________________

(10 marc)

c. Sainaithin **dhá** éifeacht is féidir a bheith ag seicteachas ar phobal creidimh.

(i)________________________________________

(ii) ________________________________________

(10 marc)

**B**. a. Cad is éacúiméineachas ann?

________________________________________

(5 mharc)

b. Rianaigh go hachomair sampla amháin d'éacúiméineachas.

(10 marc)

c. Tabhair **dhá** chúis go saothraíonn daoine ar mhaithe le héacúiméineachas.

(10 marc)

## Ceist 2. BUNÚIS REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** a. Gheobhaidh tú thíos liosta de chuid de na himeachtaí a bhain le bás Íosa. Cuir uimhir ar na himeachtaí sin san ord inar tharla siad. Ba chóir uimhir 1 a bheith ar an gcéad imeacht agus uimhir 5 ar an imeacht dheiridh.

| ***Uimhir*** | ***Imeacht*** |
|---|---|
| | An Céasadh |
| | Tugtar Íosa go Pontius Pioláit |
| | Tugtar Íosa os comhair an Sanhedrin |
| | An Suipéar Deireanach |
| | Gabhann gardaí an teampaill Íosa |

(10 marc)

b. Cérbh é ról an Sanhedrin sa Phailistín le linn Íosa?

(6 mharc)

c. Cén post a bhí ag Pontius Pioláit i saol polaitíochta na Pailistíne le linn Íosa?

(6 mharc)

**B.** Samhlaigh go mba dhuine de na deisceabail tú a chonaic bás Íosa agus a bhí i láthair nuair a thaispeáin Íosa é féin tar éis a aiséirí.

a. Déan cur síos ar an tionchar a bhí ag bás Íosa ar do shaol.

(12 mharc)

b. Déan cur síos ar theacht i láthair **amháin** de chuid Íosa aiséirithe a chonaic tú agus ar an tionchar a bhí aige ort.

(16 mharc)

## Ceist 3. BUNÚIS REILIGIÚIN – MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** *Tá idéanna maidir le Dia, an domhan, an cine daonna ag gach reiligiún – idéanna a mhúnlaíonn creidimh agus deasghnátha an reiligiúin sin.*

a. Luaigh bunchreideamh maidir le Dia ó cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

Reiligiún Domhanda ______________________________

Bunchreideamh maidir le Dia ______________________________

______________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar conas a théann a gcreideamh maidir le Dia i bhfeidhm ar shlí mhaireachtála lucht leanúna an reiligiúin dhomhanda seo inniu.

______________________________

(10 marc)

c. Rianaigh conas a chuaigh a c(h)reideamh maidir le Dia i bhfeidhm ar shaol duine thábhachtaigh i scéal an reiligiúin dhomhanda seo.

______________________________

(15 mharc)

**B.** a. Ainmnigh deasghnáth reiligiúnach a bhfuil baint aige le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

Reiligiún Domhanda ______________________________

Deasghnáth reiligiúnach ______________________________

(5 mharc)

b. Mínigh an chiall a bhaineann leis an deasghnáth sin.

______________________________

(12 mharc)

**Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** *Nuair a bhí mé óg gach duine a raibh aithne agam orthu chreid siad i nDia agus bhí séipéil ar fud na hÉireann plódaithe le daoine gach Domhnach . . .*"

– Pat, a rugadh 1940.

a. An bhfuil difríocht idir cleachtas reiligiúnach in Éirinn inniu agus cleachtas reiligiúnach nuair a bhí Pat óg? (Cuir tic ✓ i mbosca amháin) Tá ☐ Níl ☐

b. Mínigh cén fáth go gceapann tú go bhfuil/nach bhfuil difríocht i gcleachtas reiligiúnach in Éirinn inniu.

______________________________

(10 marc)

c. Seachas freastal ar an séipéal, rianaigh slí amháin eile ina gcuireann daoine óga an lae inniu a gcreideamh reiligiúnach in iúl.

(12 mharc)

d. Léiríonn torthaí suirbhéanna go gcreideann a lán daoine óga an lae inniu i nDia.
Tabhair **dhá** chúis go gcreideann a lán daoine óga an lae inniu i nDia.

i.

ii.

(14 mharc)

**B.** Is féidir cur síos ar agnóiseachas agus daonnachas mar shlite neamhreiligiúnacha chun breathnú ar an domhan.
Mínigh go hachomair an tslí atá ag agnóiseachas **nó** ag daonnachas chun breathnú ar an domhan.

(14 mharc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. I mór-reiligiúin dhomhanda ciallaíonn adhradh ______________________________

______________________________

(5 mharc)

b. Rianaigh go hachomair gníomh adhartha **amháin** a chonaic tú nó ar ghlac tú páirt ann.

______________________________

(12 mharc)

c. Déan cur síos ar shiombail reiligiúnach **amháin** a úsáidtear le linn gníomh adhartha.

______________________________

(6 mharc)

d. Mínigh an chiall a bhaineann leis an tsiombail reiligiúnach seo.

______________________________

(12 mharc)

e. Tabhair **trí** chúis go ndéanann daoine guí agus iad ag adhradh.

i.

ii.

iii.

(15 mharc)

## Ceist 6. AN DÚSHLÁN MORÁLTA

**A.** *Cuireann cóid mhorálta na cearta in iúl a bhfuil teideal ag daoine orthu, chomh maith leis na freagrachtaí atá orthu i leith daoine eile.*

a. Ainmnigh cód morálta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(5 mharc)

b. Luaigh ceart **amháin** a chuireann sé in iúl.

(5 mharc)

c. Luaigh freagracht **amháin** a chuireann sé in iúl.

(5 mharc)

d. Mínigh conas a d'fhéadfadh an cód morálta atá ainmnithe agat cabhrú le duine agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici.

(10 marc)

**B.** a. Rianaigh toisc ina gcaitheann duine cinneadh morálta a dhéanamh.

(10 marc)

b. Mínigh conas a d'fhéadfadh reiligiún duine dul i bhfeidhm ar an gcinneadh morálta áta le déanamh sa toisc atá rianaithe agat thuas.

(15 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH LEIS AN ROINN SEO.**

FREAGAIR CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 70 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1.**

Rianaigh dhá stíl cheannaireachta atá le fáil i bpobal creidimh.

**Ceist 2.**

*Sna parabail insíonn Íosa do dhaoine conas mar atá ríocht Dé; sna míorúiltí taispeánann sé do dhaoine ríocht Dé ina measc*. – Mark Link

Rianaigh cad atá léirithe faoi ríocht Dé i bparabal **amháin** nó i míorúilt **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**Ceist 3.**

*Déanann reiligiúin iarracht freagraí a thabhairt ar na ceisteanna a chuireann daoine agus iad ag cuardach brí sa saol.*

Luaigh ceist amháin mar sin agus rianaigh an freagra a d'fhéadfadh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a thabhairt ar an gceist sin:

- An Búdachas
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

**Ceist 4.**

I litir chuig nuachtán scríobh ceannaire reiligiúnach le deireanas:

> "*….Tá an oiread sin le tairiscint ag daoine óga,*
> *ba mhaith liom go mbeadh níos mó baint acu le creideamh reiligiúnach a chur in iúl ….*"

Scríobh freagra ar an litir seo agus pléigh na tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar dhéagóirí chun baint níos mó nó níos lú a bheith acu le creideamh reiligiúnach a chur in iúl.

**Ceist 5.**

*Mothaím sa bhaile i dteampall Hiondúch. Braithim Láithreacht, nach bhfuil pearsanta . . . ach gur rud éigin níos mó í.* - Yann Martel

Rianaigh conas a chabhraíonn áiteanna adhartha le daoine chun freagra a thabhairt ar eispéaras rúndiamhaire sa saol.

**Ceist 6.**

Taispeáin conas is féidir le pobal creidimh cabhrú lena chuid ball chun freagairt do chomhthéacs ina bhféadfadh an fhírinne nó an tsíocháin a bheith faoi bhagairt i saol an lae inniu.

DEIMHNIGH LE DO THOIL GO LÉIRÍONN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Roinn _____

**(70 marc)**

LEATHANACH BÁN